Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2023/373

20.10.2023

**De bhun Airteagail 61 agus 62 den Acht um an Margadh Gáis (Iris Oifigiúil, Uimh. 18/18 agus 23/20), foilsíonn Gníomhaireacht Rialála Fuinnimh na Cróite an méid seo a leanas**

**FÓGRA**

(C/2023/373)

An 5 Meán Fómhair 2023 foilsíodh glao poiblí ar thairiscint chun soláthróir gáis a roghnú faoin oibleagáid seirbhíse poiblí i dtaca le limistéar dáileacháin an oibreora córais dáileacháin Brod-plin d.o.o. le haghaidh thógáil agus chothabháil an líonra gáis, dáileadh agus soláthar gáis, táirgeadh, dáileadh agus soláthar fuinnimh theirmigh, Trg pobjede 5, Slavonski Brod.

Maidir leis an doiciméadacht a ghabhann leis an nglao poiblí ar thairiscint chun soláthróir gáis a roghnú faoin oibleagáid seirbhíse poiblí i dtaca le limistéar dáileacháin an oibreora córais dáileacháin Brod-plin d.o.o. le haghaidh thógáil agus chothabháil an líonra gáis, dáileadh agus soláthar gáis, táirgeadh, dáileadh agus soláthar fuinnimh theirmigh, Trg pobjede 5, Slavonski Brod, foilsíodh í ar shuíomh gréasáin oifigiúil Ghníomhaireacht Rialála Fuinnimh na Cróite (www.hera.hr).

*Leas-Uachtarán Bhord na gCoimisinéirí*
Željko Vrban, M.Sc.